Ag dul chun na scoile

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi aonad réamhscoile i mBaile Átha Cliath.

Féach ar an tuairisc uair amháin. Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 Seo stór focal a bhí le cloisteáil sa tuairisc. Ag obair leis an duine in aice leat, ceanglaígí na focail ar chlé leis na focail ar dheis:

controlled/managed:	**faoi mhíbhuntáiste**
Dept. of Education:	**faoi stiúir**
based/situated:	**spreagann sé spéis**
disadvantaged:	**fadhbanna iompair**
learning problems:	**fadhbanna foghlama**
social problems:	**An Roinn Oideachais**
behavioural problems:	**lonnaithe**
demand:	**a aithint**
to recognise:	**fadhbanna sóisialta**
it inspires interest:	**éileamh**

Ceist 3 An bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach? Pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

Tá an t- aonad réamhscoile mar seo faoi stiúir na Roinne Oideachais. **fíor/bréagach**

Tá an réamhscoil a luaitear sa mhír lonnaithe i dtuaisceart chathair Bhaile Átha Cliath. **fíor/bréagach**

Tá 96 gasúr ag freastal ar an scoil. **fíor/bréagach**

Tá 50 páiste ar an liosta feithimh. **fíor/bréagach**

Tá sé an-chostasach freastal ar an scoil seo. **fíor/bréagach**

Is é plean na Roinne Oideachais ná a lán scoileanna mar seo a oscailt ar fud na tire. **fíor/bréagach**

Ceist 4 "an *dara* leath"

(a) Cén chuid den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?
(b) Líon na bearnaí thíos leis an fhoirm cheart den ainmfhocal.

	cuid	**áit**	**teach**
an chéad	_____	_____	_____
an dara	_____	_____	_____
an tríú	_____	_____	_____
an ceathrú	_____	_____	_____
an cúigiú	_____	_____	_____

Ceist 5 "Aonad réamhscoile"

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Scríobhaigí liosta de na cineálacha éagsúla áiseanna oideachais atá ar fáil sa tír seo.

*Bunscoil,*_____
_____
_____
_____
_____
_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén aois ar cheart do pháistí tosú ar an scoil, dar leat?
Ar fhreastail tú féin ar aon áit réamhscoile?
An bhfuair tú oideachas maith sa bhunscoil, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Cuir an mhír ar siúl uair amháin le seans a thabhairt do na foghlaimeoirí an *gist* a fháil.

Ceist 2

controlled/managed:	faoi stiúir
Dept. of Education:	An Roinn Oideachais
based/situated:	lonnaithe
disadvantaged:	faoi mhíbhuntáiste
learning problems:	fadhbanna foghlama
social problems:	fadhbanna sóisialta
behavioral problems:	fadhbanna iompair
demand:	éileamh
to recognize:	a aithint
it inspires interest:	spreagann sé spéis

Ceist 3
1. Bréagach
2. Fíor
3. Fíor
4. Bréagach
5. Bréagach
6. Bréagach

Ceist 4

	cuid	**áit**	**teach**
an chéad	chuid	áit	teach
an dara	cuid	háit	teach
an tríú	cuid	háit	teach
an ceathrú	cuid	háit	teach
an cúigiú	cuid	háit	teach

Ceist 5
Bunscoileanna, meánscoileanna, ollscoileanna, gairmscoileanna, scoileanna pobail, scoileanna cuimsitheacha, institiúidí teicneolaíochta, Gaelscoileanna agus araile.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Fáilte ar ais go dtí an dara leath de nuacht Tg4. Níl ach réamhscoil amháin sa tír a ghlacann le páistí idir trí agus cúig bliana d'aois faoi stiúir na Roinne Oideachais. Tá an t-aonad réamhscoile seo lonnaithe i gceantar atá faoi mhíbhuntáiste i dtuaisceart chathair Bhaile Átha Cliath. Tugtar cúnamh do pháistí na scoile seo dul i ngleic le fadhbanna foghlama agus sóisialta a bhíonn acu ag aois an-óg. Tá an scéal ag Irene Ní Nualláin.

Irene Ní Nualláin
Tá nócha sé gasúr ag freastal ar an aonad réamhscoile nó an *Rutland Street Project* mar a tugadh air ar Shráid Ghairdinéir sa gcathair agus tá oiread éilimh ar an scoil go bhfuil liosta feithimh de thríocha gasúr acu faoi láthair. Chomh maith le páistí ón gceantar, glacann an scoil le gasúir atá curtha ar aghaidh acu ó Ospidéal an Mater agus ó Temple Street.

Sorcha Leech, An tAonad Réamhscoile
Níl an-chuid cainte acu agus is an chéad áit shóisialta* d'an-chuid dóibh. Is féidir fadhbanna a aithint nuair atá siad chomh hóg** sin. Fadhbanna iompair agus fadhbanna foghlama, *so* nuair a théann siad isteach sa bhunscoil*** is féidir leo, *you know*, pé cabhair atá ag teastáil uatha a fháil.

Mark Shinnick, Príomhoide
Sna seascáidí bhí go leor *tenement buildings* sa cheantar agus ní raibh na páistí ag dul ar scoil agus sin an fáth gur bunaíodh an réamhscoil seo. Tá sé saor in aisce agus sin an fáth go bhfuil an iomarca tuismitheoirí ag iarraidh a bpáiste****, cead a thabhairt isteach sa scoil seo.

Irene Ní Nualláin
Cé nach bhfuil aon phleananna ag an Roinn OIdeachais a léitheid de scoil a oscailt in aon áit eile sa tír faoi láthair, tugann an réamhscolaíocht seo tús an-tábhachtach do ghasúir ón gceantar, dar leis an bpríomhoide, agus spreagann sé spéis san oideachas iontu. Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.

**áit sóisialta* a deirtear
***óg* a deirtear
****bunscoil* a deirtear
*****pháiste* a deirtear